C/2025/5751

24.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12100 — ENECO / MAINPORT HOLDING ROTTERDAM / ROTTERDAM SHORE POWER JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5751)

1. An 16 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Eneco Heat Production & Industrials B.V. ('Eneco', an Ísiltír), faoi rialú deiridh Mitsubishi Corporation Group (an tSeapáin),

— Mainport Holding Rotterdam N.V. ('MHR', an Ísiltír), ar fochuideachta faoi lánúinéireacht Havenbedrijf Rotterdam N.V. ('HBR', an Ísiltír) é,

— Rotterdam Shore Power B.V. ('RSP', an Ísiltír).

Gheobhaidh Eneco agus MHR rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar RSP.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Eneco gás agus leictreachas do chustaiméirí deiridh san Ísiltír,

— Is fochuideachta faoi lánúinéireacht HBR é MHR, arb é an t-údarás calafoirt in Rotterdam é. Bíonn HBR ag bainistiú, ag oibriú agus ag forbairt limistéar calafoirt Rotterdam, lena n-áirítear trí MHR.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag RSP: suiteálacha cumhachta cois cladaigh leictrí a dhearadh, a mhaoiniú, a thógáil, a bhainistiú agus a oibriú mar sheirbhís.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12100 — ENECO / MAINPORT HOLDING ROTTERDAM / ROTTERDAM SHORE POWER JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË